



© PDST 2022

This work is made available under the terms of the Creative Commons Attribution Share Alike 3.0 Licence <http://creativecommons.org/licenses/by-sa/3.0/ie/>. You may use and re-use this material (not including images and logos) free of charge in any format or medium, under the terms of the Creative Commons Attribution Share Alike Licence.

Please cite as: PDST, *Making the Links and Beyond, Revised Edition*, Dublin, 2020

Ag úsáid an leabhráin seo mar Chúnamh Pleanála le haghaidh OSPS

Is treoir é Ag Cruthú na Nasc maidir le hábhair ón gClár Misneach, an Clár um Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) agus an Clár Bí Sábháilte a úsáid. Is freagra é ar iarratais ó mhúinteoirí ar threoir chuimsitheach maidir leis na hábhair seo a úsáid i gcomhthéacs an churaclam OSPS. Ba í an PDST a thionscain agus a mhaoinigh an treoir seo agus forbraíodh í i gcomhar leis an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) agus na Seirbhísí Tacaíochta Bí Sábháilte. Rinne Foireann Sláinte agus Folláine PDST é a nuashonrú chun na cláir athbhreithnithe nua Bí Sábháilte and Misneach i 2017 a chur san áireamh

Acmhainní a úsáidtear chun na Naisc a Dhéanamh

Is acmhainn éigeantach é Bí Sábháilte agus caithfear é a úsáid i gcomhthéacs churaclam an OSPS chun cuspóirí ábhartha ábhair a chlúdach. Is acmhainní DES (An Roinn Oideachais) iad na hábhair acmhainní do OCG agus an clár Misneach ach níl siad éigeantach. Aithnítear agus leagtar béim air go bhfuil acmhainní eile ann a chuimsíonn cuspóirí ábhair churaclam an OSPS.

Cuireann an acmhainn seo roinnt acmhainní comhlántacha do mhúinteoirí ar fáil ar féidir a úsáid chun cuspóirí ábhair churaclam an OSPS a fhorlónadh. Moltar freisin do na múinteoirí Treoirínite Múinteoirí OSPS a léamh le haghaidh modheolaíochtaí agus eiseamláirí éagsúla.

Tá sé mar aidhm ag Cruthú na Nasc cuidiú le múinteoirí;

- Pleanáil le haghaidh OSPS
- na téamaí comónta sa Chlár Misneach, sa Chlár um Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) agus sa Chlár Bí Sábháilte a aithint
- aidhmeanna sonracha gach ceann de na trí chlár a aithint
- conas is féidir aghaidh a thabhairt ar chuspóirí ábhair an churaclam OSPS trí úsáid a bhaint as ceachtanna ón gClár Misneach An Clár um Oideachas Gnéasachta (OCG) agus an Clár Bí Sábháilte

Ag Cruthú na Naisc - Eagrán Athbhreithnithe

Na Cláir a nascadh le Cuspóirí Ábhair an Churaclaim OSPS

Ar leathanaigh 14 go 78 tá ceachtanna ós na trí chlár ar féidir leo aghaidh a thabhairt ar chuspóirí ábhair churaclam an OSPS. Tá cuspóirí an ábhair priontáilte sa chéad cholún faoi na snáitheanna agus na snáithaonaid ábhartha. Tá dath chódú ar na ceachtanna chun idirdhealú a dhéanamh idir na cláir. Agus snáithaonad á theagasc agat, is féidir leis an múinteoir ceachtanna a roghnú as. Toisc nach bhfuil an treoir seo saintreorach, féadfaidh múinteoirí na ceachtanna is oiriúnaí a roghnú chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí sonracha ábhair.

Ag Roghnú Conas OSPS a Mhúineadh


Cé go n-aithnítear go gcuirtear OSPS i bhfeidhm freisin trí chomhtháthú le réimsí ábhar eile agus trí atmaisféar dearfach, uile-scoile, tá sé i gceist ag Ag Cruthú na Nasc cuidiú le múinteoirí go príomha i bpleanáil am sainiúil OSPS (30 nóiméad sa tseachtain). Níl sé beartaithe é a úsáid ar bhealach saintreorach. Treoróidh a mbreithiúnas gairmiúil múinteoirí ar an mbealach is iomchuí chun na cuspóirí ábhair a roghnú.

Acmhainní Cuí a Aithint

Ba chóir do gach scoil acmhainní a roghnú a thugann aghaidh ar chuspóirí ábhair an churaclaim OSPS. Chuir an treoir seo acmhainní i láthair a thugann aghaidh ar chuspóirí éagsúla ábhair. Aithnítear, áfach, gur minic a úsáideann múinteoirí roinnt acmhainní, modheolaíochtaí agus cuir chuige eile. Seachas na hacmhainní atá liostaithe, is minic a bhíonn ceisteanna ag scoileanna ar cheart nó nár cheart dóibh acmhainní áirithe a úsáid. Tugann treoirlínte an OSPS comhairle shonrach sa réimse seo. Spreagann sé scoileanna critéir a chruthú chun acmhainní a roghnú in OSPS. Seo thíos na critéir ar cheisteanna ba chóir do mhúinteoir a chur agus acmhainní á roghnú.

1. An dtugann sé aghaidh ar chuspóir an ábhair atá mé ag iarraidh a mhúineadh?
2. An bhfuil an acmhainn saor ó chlaonadh?
3. An bhfuil an acmhainn saor ó steiréitíopáil dhiúltach?
4. An bhfuil na hacmhainní san áireamh do na leanaí i do scoil?
5. An bhfuil an acmhainn oiriúnach d'aois na leanaí? (Treoirlínte do Mhúinteoirí OSPS Ich. 103)

Ag Cruthú na Naisc - Eagrán Athbhreithnithe



a) Cosc a chur ar mhí-úsáid leanaí trí na scileanna agus na straitéisí is gá a úsáid chun freagairt go sábháilte d'aon chásanna contúirteacha, corraitheacha nó maslacha a mhúineadh agus a fhorbairt.

b) Múin do leanaí conas déileáil le tadhail neamhshábháilte nó míchuí agus gan aon teagmháil a choinneáil faoi rún.

c) Múin do leanaí faoin tábhacht a bhaineann le hinsint.

d) Tabhair straitéisí sábháilteachta do leanaí le

a) Substaintí contúirteacha a sheachaint / nó ar a laghad an aois a dhéantar turgnamh leo a mhoilliú.

b) An t-éileamh ar dhrugaí mídhleathacha a laghdú.

c) Muinín, scileanna agus eolas a mhúineadh agus a fhorbairt do leanaí bunscoile chun roghanna sláintiúla a dhéanamh.

a) Tuiscint agus dearcadh sláintiúil i leith gnéasachta agus caidrimh a chur chun cinn.

b) Eolas ar atáirgeadh agus meas ar atáirgeadh a chur chun cinn.

c) Chun ionadh agus iontas ar phróiseas na breithe agus na beatha nua a chur chun cinn.

d) Go mbeadh an leanbh in ann a bheith compordach lena ghnéasacht agus le gnéasacht daoine eile.

Sábhailteacht agus Cosaint (Bí Sábháilte) in OSPS

Is clár éigeantach é Bí Sábháilte (Ciorclán 65/2011) atá le críochnú faoin snáithe Sábhailteacht agus Cosaint OSPS.

Seo an áit a gclúdaítear an clár Bí Sábháilte. Tríd an acmhainn phleanála seo a úsáid, áfach, is féidir leis an múinteoir iniúchadh a dhéanamh ar chuspóirí éagsúla ábhair eile tríd an gclár Bí Sábháilte.

Bíonn sé i gceist i gcónaí Bí Sábháilte a theagasc i mbloc agus aghaidh á tabhairt ar an snáithe Sábhailteacht agus Cosanta. Níor chóir go mbeadh an Clár Bí Sábháilte briste suas ach é a thosnú agus an clár a mhúineadh agus a leanúint seachtain ar sheachtain go dtí go bhfuil an clár críochnaithe.

Mar an gcéanna agus an snáithe Sábhailteacht agus Cosanta á chlúdach, ní thugann an clár Bí Sábháilte aghaidh iomlán ar shaincheisteanna Sábhailteacht agus beidh am ag teastáil chun an chuid seo a chomhlánú ón snáithaonad Sábhailteacht agus Cosaint trí mhodheolaíochtaí, cuir chuige nó acmhainní eile a úsáid. De bharr sin, tá eolas ar an gcuraclam seachas ar an gclár Bí Sábháilte thar a bheith tábhachtach do mhúinteoir agus é/í ag plleanáil don OSPS. Cé go bhfuil na cuspóirí ábhair liostaithe anseo, níl na samplaí de réimsí ar chóir a mhúineadh laistigh de na cuspóirí seo mar atá mionsonraithe i ndoiciméad curaclaim OSPS. D'fhonn a chinntiú go múintear cuspóirí ábhair de réir an churaclaim, caithfear an acmhainn seo a úsáid i gcomhar le curaclam an OSPS seachas ina haonar.

An Clár Misneach

Is acmhainn OSPS níos leithne anois é an clár athbhreithnithe Misneach a chuimsíonn níos mó cuspóirí ábhair agus a thacaíonn fós le straitéisí na scoile chun saincheisteanna a bhaineann le húsáid substaintí a chosc.

**De bharr an méid ceachtanna sa Chlár Bí Sábháilte ó rang 3 go rang 6, má chuirtear an snáithe Ag Déanamh Cinntí tar éis Sábhailteacht agus Cosaint i bplean caighdeánach dhá bhliain, cuirfidh sé ar chumas an mhúinteora cuid de na cuspóirí ábhair a bhaineann le cinntí a dhéanamh a bhaint amach sa chlár Bí Sábháilte.*

Ceachtanna Goilliúnacha san Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Tagann cuspóirí goilliúnacha OCG laistigh de na snáitheanna *Ag Tabhairt Aire Do Mo Chorp* agus *Ag Fás agus Ag Athrú*. Clúdaíonn an clár OCG snáitheanna, snáithaonaid agus cuspóirí ar fud an churaclaim, áfach, a chuimsíonn réimsí eile den OSPS.

Is cuid de churaclam OSPS é OCG agus caithfear na ceachtanna goilliúnacha a theagasc. Feidhmíonn na hábhair acmhainní do OCG mar threoir chun na réimsí seo a theagasc. Tugann Ciorclán 22/10 breac-chuntas ar an gcleachtas is fearr agus tú ag múineadh ceachtanna goilliúnacha agus réimsí OSPS.

I "Ag Cruthú na Nasc" déantar na cuspóirí goilliúnacha a ghrúpáil laistigh de na snáithaonaid seo ar fud gach leibhéal ranga agus liostaítear na ceachtanna ábhartha do OCG agus ón gClár Misneach. Is é an múinteoir an duine is fearr a fhéadfaidh na ceachtanna seo a mhúineadh mar chuid den churaclam OCG agus OSPS níos leithne. Níor chóir iad a theagasc ina n-aonair ach le hábhar an tsnáithaonaid níos leithne. Mar chuid de phleanáil dhá bhliain OSPS, is gnách go múintear na cuspóirí goilliúnacha in OCG agus sa snáithaonad Sábháilteacht agus Cosaint agus sa chlár Bí Sábháilte gach rébhliain.

**Tugann Ciorclán 22/10 breac-chuntas ar oibleagáidí scoileanna agus múinteoirí ranga maidir le haoichainteoirí.*

Pleanáil Scoile Iomlán chun Ceachtanna Scoite a Mhúineadh in OSPS

Tacaíonn pleanáil le haghaidh OSPS ag leibhéal scoile iomláine leis an múinteoir ranga chun snáitheanna, snáithaonad agus cuspóirí ábhair an churaclaim a phleanáil agus a mhúineadh. Tá sé riachtanach cothromaíocht a bhaint amach idir forbairt scileanna, luachanna agus dearctha a chothú agus faisnéis a fháil. Tá **naoi snáithaonad** ann do gach rang ó Naíonáin Shóisearacha go Rang a Dó agus **deich snáithaonad** do gach rang ó Rang a Trí ar aghaidh.

Ba chóir do scoileanna;

✓ múineadh ó gach ceann de na príomhshnáitheanna gach dara bliain, ag cur cúig snáithaonad ar fud na scoilbhliana

Trí na snáithaonaid a roinnt thar thréimhse dhá bhliain, cinnteofar go mbeidh an t-ábhar iomlán a bhaineann lena ngrúpáil ranga clúdaithe ag daltaí. Cinntíonn sé freisin go bhfuil a dhóthain ama á dháileadh ar gach snáithaonad.

Ba chóir go bhfreagródh pleanáil scoile iomláine do theagasc scoite i OSPS ceisteanna cosúil le;

- Cad iad na snáithaonaid a mhúinfimid i mBliain 1 agus i mBliain 2?
- Cén bhliain a mhúinfimid an Clár Bí Sábháilte?
- Cathain a mhúinfimid cuspóirí goilliúnacha OCG maidir le cúram a thabhairt do mo chorp agus ag fás agus ag athrú?
- An múinfimid na snáithaonaid ag an am céanna ar fud na scoile nó an ligfimid don mhúinteoir ranga cinneadh a dhéanamh faoin áit ar chóir iad a theagasc ina seomraí ranga féin (Moltar snáithaonaid a theagasc ag an am céanna ar fud na scoile)
- Cé mhéad ama ba chóir dúinn a thabhairt do na snáithaonaid? An mbeidh sé seo comhsheasmhach ar fud na scoile nó an mbeidh sé ag brath ar an rang?
- Cad iad na hacmhainní a úsáidfimid chun OSPS a mhúineadh?
- Cad iad na cineálacha cur chuige scoile uile atá againn a thacaíonn le OSPS? Conas is féidir linn OSPS a chomhtháthú le réimsí ábhar eile?
- Cad iad na modheolaíochtaí a úsáidfimid chun OSPS a mhúineadh?
- Conas is féidir linn a chinntiú go bhfaighidh na daltaí taithí ar raon leathan cothrom na modheolaíochtaí a mholtar i gcuraclam an OSPS?

Cur Chuige Caighdeánach i leith Mhúinteoireacht Scoile Uile den OSPS

Is féidir cur chuige caighdeánach a úsáid maidir le pleanáil scoile uile don ábhar in OSPS chun cabhrú le scoileanna comhsheasmhacht a fhorbairt maidir le teagasc OSPS. Tugann an cur chuige seo treoir shamplach do mhúinteoirí ar scoil maidir le cad ba cheart a theagasc agus cathain. Is éard atá i gceist leis an gcur chuige caighdeánach seo

- ✓ Cúig shnáithaonaid a theagasc i mBliain 1
- ✓ Cúig shnáithaonaid a theagasc i mBliain 2
- ✓ A chinntiú go múintear snáithaonaid amháin ar a laghad ó gach ceann de na trí shnáithe
- ✓ Tugtar dhá mhí d'am teagaisc do gach snáithaonaid
- ✓ Déantar na bloic dhá mhí seo a mhapáil thar gach scoilbhliain.

Laistigh den chur chuige caighdeánach seo tá gach múinteoir ag clúdach na snáithaonaid chéanna ag an am céanna. D'fhéadfadh sé seo tacú le hatmaisféar na scoile iomláine agus comhtháthú le gníomhaíochtaí pleanáilte scoile. Cuireann sé ar chumas na múinteoirí freisin réamh-mheas a dhéanamh ar an méid a bheidh clúdaithe agus cathain, dá bhrí sin, an scóip le haghaidh comhtháthú pleanáilte nó pleanáil théamach le réimsí curaclaim eile a mhéadú.

Mí	Bliain 1	Bliain 2
Meán Fómhair / Deireadh Fómhair	<i>Snáithe - Mise Snáithaonad - Féinaithne</i>	<i>Snáithe - Mise agus Daoine Eile Snáithaonad - Mise agus mo Mhuintir</i>
Samhain / Nollaig	<i>Snáithe - Mise agus Daoine Eile Snáithaonad - Mo Chairde agus Daoine Eile</i>	<i>Snáithe - Mise agus Daoine Eile Snáithaonad - Caidreamh le daoine eile</i>
Eanáir / Feabhra	<i>Snáithe - Mise Snáithaonad - Sábháilteacht agus Cosaint</i>	<i>Snáithe - Mise Snáithaonad - Ag Fás agus ag Athrú</i>
Márta / Aibreán	<i>Snáithe - Mise Snáithaonad - Ag Déanamh Cinntí (Rang a 3 go 6)</i>	<i>Snáithe - Mise Snáithaonad - Ag Tabhairt Aire de mo Chorp</i>
Bealtaine / Meitheamh	<i>Snáithe - Mise agus an Domhan Mór</i>	<i>Snáithe - Mise agus an Domhan Mór</i>

* Níl i gceist le cinntí a dhéanamh ach Snáithaonaid ó R3 go R6. Féadfaidh Naíonáin go R2 Saincheisteanna Sábháilteachta a chomhlánú ag an am seo. Toisc go bhfuil níos mó ceachtanna sa chlár Bí Sábháilte ó rang 3 go 6, má chuirtear an Snáithaonad: Ag Déanamh Cinntí tar éis an tSnáithaonaid : Sábháilteacht agus Cosaint i bplean caighdeánach dhá bhliain, cuirfidh sé ar chumas an mhúinteora cuid de na cuspóirí ábhair a bhaineann le cinntí a dhéanamh a bhaint amach le linn an chlár Bí Sábháilte a mhúineadh.

Ceachtanna Scoite a Phleanáil OSPS


Agus tú ag pleanáil do cheachtanna scoite in OSPS, beidh sé úsáideach plean dhá bhliain (mar a sonraíodh níos luaithe) a leanúint sa chur chuige caighdeánach. Tabharfaidh sé seo deis do mhúinteoirí gníomhaíochtaí scoile nó gníomhaíochtaí agus eispéiris ranga a mheas roimh ré agus an phleanáil a d'fhéadfadh cur le teagasc OSPS.

Uaireanta bíonn an tsolúbthacht ag teastáil chun teagasc scoite OSPS a úsáid chun eispéiris neamhfhoirmiúla, núíosacha a úsáid mar bhunús le ceacht i OSPS. Ligfidh feasacht faoi na haonaid agus na cuspóirí snáithe atá le clúdach in aon bhliain amháin don mhúinteoir na deiseanna seo a thapú agus iad a thaifeadh mar cheacht OSPS.

Tá comhtháthú rithábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na snáithaonaid a bhfuil líon mór cuspóirí ábhair iontu, áfach, clúdaítear go leor cuspóirí ag an am gcéanna idir snáitheanna nó trí cheacht nó ghníomhaíocht amháin. Mar sin, ní féidir cuspóirí a ualú go cothrom lena chéile. Uaireanta beidh fócas níos mó ag cuspóirí áirithe i scoileanna agus i ranganna éagsúla, agus d'fhéadfadh go n-éileodh siad níos mó ama, solúbthacht agus comhtháthú chun iad a mhúineadh go cruinn. Ba chóir don mhúinteoir na ceisteanna seo a leanas a chur agus a gceachtanna OSPS á bpleanáil, bunaithe ar an snáithaonad agus ar chuspóirí ábhair don dá mhí leithdháilte ama seachas cur chuige docht leithdháilte ama a leanúint do gach snáithaonad.

- Cé mhéad rann atá sa snáithaonad seo?
- Conas a roinnfidh mé na cuspóirí a mhúinfear thar an am atá ar fáil?
- An bhfuil aon chuspóirí nach mór béim ar leith a chur orthu sa rang seo?
- Cé mhéad ceacht a theastaíonn uaim a phleanáil chun aghaidh a thabhairt ar an snáithaonad seo? (ní fhreagraíonn cuspóir amháin cheacht amháin ach ní hionann sin agus a bheith fíor. Tá sé níos tábhachtaí pleanáil leis na páistí i do aigne seachas an acmhainn)
- An gá dom deiseanna a lorg chun an t-ábhar a chomhtháthú nó a shaibhriú?
- Cad iad na scileanna is féidir liom béim a leagan orthu trí obair eile?
- Arbh fhéadfaidh an t-ábhar a theagasc trí cheachtanna leathuair an chloig nó uair an chloig?
- An bhféadfaidh an t-ábhar seo a bheith mar bhunús do thionscadal a mhúintear thar thréimhse dhifriúil ach an bloc ama céanna a úsáid? Cad iad na hoiriúnuithe nó na tacaíochtaí a bheidh ag teastáil do roinnt leanaí?
- Cad é is oiriúnaí chun na cuspóirí a theagasc - cad iad na hacmhainní nó na modheolaíochtaí?
- Ar clúdaíodh aon chuspóirí roimhe seo trí eispéiris neamhphleanáilte a d'iompaigh ina cheacht OSPS? Cad iad na deiseanna a thapóidh mé chun modheolaíochtaí gníomhach a úsáid i dteagasc scoite chomh maith le teagasc ar fud an churaclaim?

Naíonáin Shóisearacha agus Naíonáin Shinsearacha íomhá



Ag Cruthú na Naisc - Eagrán Athbhreithnithe

Snáithe- Mise Snáithaonad- Féinaithne	Bí Sábháilte	OCG	Misneach	Acmhainní Breise
Féinfheasacht <ul style="list-style-type: none"> na hairíonna uile is cúis le duine a bheith speisialta agus uathúil a phlé agus a léirthuisctint tosú ar chumais, scileanna agus buanna pearsanta a chiallú, a léirthuisctint agus a mhórluacháil 	<i>Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte lch 17-30</i>	<i>Mé! Mé! Mé! Lch 19</i> <i>Maisc/Aghaidh fidil lch 20</i> <i>Is maith liom mé féin lch 21</i>		
<ul style="list-style-type: none"> roghanna pearsanta a aithint agus a chlárú 			<i>Seascann na gcrogall lch 37 (NShin)</i> <i>An bosca draíochta lch 40 (Shin)</i>	
<ul style="list-style-type: none"> a bheith feasach ar an saol mórthimpeall air/uirthi trí na céadfaí 			<i>Blaisim le mo theanga lch 51 (NShóis)</i> <i>Mo chúig chéadfaí lch 49 (NShin)</i> <i>Cad atá sa bhosca lch 60 (SNhin)</i>	
Ag forbairt féinmhuiníne <ul style="list-style-type: none"> a t(h)uairimí, a d(h)earcadh agus a roghanna féin a chur in iúl éirí níos féinmhuiníní agus níos neamhspleáiche tús a chur le foghlaim conas déileáil le hathruithe difriúla de réir mar a tharlaíonn siad 	<i>Cairdeas agus Bulaíocht lch31-44</i>	<i>An féidir lea “Deir Ó Ghrádaigh” a imirt lch 103</i> <i>An féidir leat é seo a dhéanamh? lch 104</i> <i>Leabhar Pictiúr de na rudaí gur féidir liomsa a dhéanamh lch 104</i>		
Ag déanamh cinntí <ul style="list-style-type: none"> roinnt roghanna laethúla a dhéanann sé/sí féin a aithint mar aon leis na cinn a dhéanann daoine eile 	<i>Strainséirí lch 61</i>		<i>Réaltaí lch 130 (NShin)</i>	
<ul style="list-style-type: none"> tosú ar fheasacht a fhorbairt maidir le tosca a mbeadh tionchar acu ar chinntí nó ar roghanna a dhéanfaí. 			<i>Stoirm lch 89 (NShóis)</i>	

Ag Cruthú na Naisc - Eagrán Athbhreithnithe

Snáithe- Mise Snáithaonad- <u>Ag Tabhairt Aire de mo Chorp</u>	Bí Sábháilte	OCG	Misneach	Acmhainní Breise
<p><i>Bheith eolach ar mo chorp</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • an gá atá le haire a thabhairt dá c(h)orp féin a léirthuisicint agus conas aire a thabhairt dó a chiallú d'fhonn é a choimeád sláintiúil folláin • a thuisicint go bhfuil roinnt freagrachta ar gach duine as aire a thabhairt dó/di féin • meas a bheith aige/aici ar a c(h)orp féin agus ar choirp daoine eile 			<p><i>Ár gcorp iontach lch 94 (NShin)</i></p>	<p><i>bábóga anatamaíocha</i></p> <p><i>www.getactiveireland.ie/</i></p>
<ul style="list-style-type: none"> • codanna den chorp fireann is den chorp bainneann a ainmniú, ag úsáid téarmaí anatamaíocha oiriúnacha 	<p><i>Tadhaill lch 61</i></p>	<p><i>Ag tabhairt folcadh do bhábóg lch 150</i> <i>Bheith Glan lch 152</i></p>		
<ul style="list-style-type: none"> • na rudaí éagsúla is féidir leis an gcorp a dhéanamh a iniúchadh agus a phlé 			<p><i>Na cúig chéadfaí lch 47 (NShin)</i> <i>Cad a bholaíonn tú? lch 63 (NShin)</i></p>	
<p><i>Bia agus cothú</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • a bheith feasach ar thábhacht bia le haghaidh fáis is i mbuanú sláinte agus i soláthar fuinnimh a iniúchadh • an bia is rogha leis/léi a iniúchadh mar aon lena ról i réim chothrom bia • roinnt cáilíochtaí agus aicmí bia a phlé • tábhacht dea-shláinteachais agus bia á ullmhú chun ite a thuisicint. 			<p><i>Trial ar Bhlas lch 53 (NShin)</i></p>	<p><i>www.fooddudes.ie</i></p>

Ag Cruthú na Naisc - Eagrán Athbhreithnithe

Snáithe Mise Snáithaonad- <u>Ag fás agus ag athrú</u>	Bí Sábháilte	OCG	Misneach	Acmhainní Breise
<p>Athraim agus mé ag fás</p> <ul style="list-style-type: none"> cuid de na tosca a chuidíonn le fás a aithint a thuiscint gur cuid de phróiseas na beatha iad fás agus athrú agus go bhfuil siad seo uathúil i gcás gach duine a aithint go méadaíonn ar an gcumas glacadh le freagracht as/aisti féin agus as daoine eile de réir mar a théann sé/sí in aois 		<p><i>Faoin bhfás lch 79</i> <i>Féach ag fás é lch 82</i> <i>Fás inmheánach lch 82</i> <i>Ag Tomhas Fáis lch 162</i></p>		<p><i>bábóga</i> <i>anatamaíocha</i></p>
<p>Beatha nua</p> <ul style="list-style-type: none"> éirí feasach ar bheatha nua agus ar bhreith sa saol feasacht faoi bhreith dhaonna a fhorbairt a aithint cad a theastaíonn ó leanaí chun cuidiú leo fás agus forbairt 		<p><i>Comharthaí beatha nua san Earrach lch 69</i> <i>Beatha nua san Earrach lch 73</i> <i>Deirfiúr Nua Chonchúir lch 139</i> <i>Siúlóid Dúlra lch 143</i> <i>Ag fás plandaí ón Síol lch 143</i></p>		
<p>Braistintí agus mothúcháin</p> <ul style="list-style-type: none"> mothúcháin ilghnéitheacha a ainmniú agus labhairt faoi staideanna ina bhféadfaí dul tríothu na slite ilghnéitheacha ina ndéantar braistintí a chur in iúl agus a bharráocht a iniúchadh 	<p><i>Ag Mothú Sábháilte agus Neamh shábháilte lch 17-30</i></p>		<p><i>Aghaidheanna Mothaithe lch 115 (NShóis)</i> <i>Iontas lch 123 (NShóis)</i> <i>Rudaí scanrúla san Oíche lch 126 (NShóis)</i> <i>Tá uaigneas orm lch 139(NShóis)</i> <i>Beainín Fheargach lch 133(NShóis)</i> <i>Bheith cineálta agus rudaí a roinnt lch 136 (NShóis)</i></p>	
<ul style="list-style-type: none"> tús a chur le mothálacht maidir le mothúcháin daoine eile agus a thuiscint gur féidir le gníomhartha duine amháin tionchar a imirt ar bhraistintí duine eile 	<p><i>Cairdeas agus Bulaíocht lch 31-44</i></p>		<p><i>Ár Rang lch 77 (NShin)</i> <i>Is féidir Linn Cabhrú lch 82 (NShin)</i></p>	

Ag Cruthú na Naisc - Eagrán Athbhreithnithe

Snáithe Mise Snáithaonad- <u>Ag fás agus ag athrú</u>	Bí Sábháilte	OCG	Misneach	Acmhainní Breise
<ul style="list-style-type: none"> • ócáidí a dtig leis/léi mothúcháin dheimhneacha a chothú ann/inti féin a iniúchadh agus a phlé 			<i>Rudaí ar féidir a bheith sona fúthu lch 105 (NShin)</i>	
Snáithe- Mise Snáithaonad- <u>Sábháilteacht agus Cosaint</u>	Bí Sábháilte	OCG	Misneach	Acmhainní Breise
Sábháilteacht phearsanta <ul style="list-style-type: none"> • straitéisí oiriúnacha sábháilteachta a iniúchadh • Sstaideanna agus áiteanna atá sábháilte a aithint, chomh maith leo sin ina mbeadh sábháilteacht phearsanta i mbaol • Sa thuiscint conas is féidir le daoine eile a áiteamh air/uirthi páirt a ghlacadh in iompar baolach 	Ag Mothú Sábháilte agus Neamh shábháilte <i>lch 17-30</i> Cairdeas agus Bulaíocht <i>lch 31-44</i> Tadhail 45-54 Rúin agus Insint lch 55-60 Strainséirí lch 61			
Saincheisteanna sábháilteachta <ul style="list-style-type: none"> • daoine a aithint atá freagrach as sábháilteacht i measc an phobail agus straitéisí sábháilteachta a fhoghlaim agus a chleachtadh d'fhonn an bóthar a thrasnú, an bus a úsáid nó bheith mar choisí 	Rúin agus Insint lch 55-60		<i>Aire a thabhairt lch 105 (NShóis)</i>	www.rsa.ie/en/RSA/Road-Safety/Education/Teaching-resources
<ul style="list-style-type: none"> • a aithint agus a thuiscint go bhfuil gá le rialacha chun daoine a chosaint agus a choinneáil sábháilte 	Cairdeas agus Bulaíocht lch 31-44		<i>Cúigear Páistí Beaga lch 90 (NShin)</i>	
<ul style="list-style-type: none"> • conas d'fhéadfaí tionóiscí a chosc sa bhaile, ar scoil, ar an bhfeirm nó san uisce a iniúchadh 			<i>Éist lch 65 (NShin)</i>	http://www.hse.ie/

Ag Cruthú na Naisc - Eagrán Athbhreithnithe

Snáithe- Mise Snáithaonad- <u>Sábháilteacht</u> agus Cosaint	Bí Sábháilte	OCG	Misneach	Acmhainní Breise
<ul style="list-style-type: none"> a aithint go bhfuil go leor substaintí a bhíonn in úsáid sa bhaile nó sa scoil dainséarach agus gur chóir cead a lorg sula ndéanfaí an t-ábhar iontu a iniúchadh roinnt de na substaintí nó de na nithe a chuirtear ar an gcorp mar aon lena bhfeidhmeanna bainteacha a aithint ócáidí mar a mbíonn gá le cógais, instealladh nó piollairí a iniúchadh chomh maith leis na rialacha sábháilteachta a bhíonn riachtanach nuair a bhíonn cógas á ghlacadh. 			<p><i>Rudaí a Théann Isteach i Mo Chorp Ich 98 (NShin)</i> <i>Bábóg Thinn Miss Molly Ich 98 (NShóis)</i> <i>Cad a dhéanfa féin? Ich 101 (NShóis)</i> <i>Rudaí a chuirim ar mo chorp Ich 94 (NShóis)</i></p>	
Snáithe- Mise agus Daoine Eile Snáithaonad- <u>Mise agus Mo Theaghlach</u>	Bí Sábháilte	OCG	Misneach	Acmhainní Breise
<ul style="list-style-type: none"> na daoine a chomhdhéanann teaghlach a aithint agus a ainmniú agus a thuiscint nach mar a chéile gach aonad teaghlaigh a thuiscint gur ball de theaghlach é/í agus go bhfuil ionad agus ról ag gach duine laistigh de theaghlach na rudaí a dhéanann teaghlaigh in éineacht a iniúchadh 		<p><i>Ceiliúradh sa bhaile Ich 45</i> <i>Ceiliúrann teaghlaigh Ich 48</i> <i>Ag féachaint ar ghrianghraif Ich 119</i></p>	<p><i>Cé atá ina gcónaí Taobh Thiar de mo Dhoras? Ich 79 (NShóis)</i></p>	<p><i>RESPECT Guidelines and resources Different Families Same Love poster / resource</i> www.into.ie/lgbt/EducationalResources <i>Picture Books resource</i> http://www.pdst.ie/primary/OCG</p>
<ul style="list-style-type: none"> a thuiscint conas a thugann teaghlaigh aire, tacaíocht agus grá dá chéile 		<p><i>Clanna Sona Ich 120</i> <i>Iontas do Chonchúir Ich 117</i></p>	<p><i>Mo leabhrán daoine speisialta Ich 74 (NShin)</i></p>	

Ag Cruthú na Naisc - Eagrán Athbhreithnithe

Snáithe- Mise agus Daoine Eile Snáithaonad- <u>Mo Chairde agus daoine eile</u>	Bí Sábháilte	OCG	Misneach	Acmhainní Breise
<ul style="list-style-type: none"> • difríochtaí idir dhaoine a aithint agus a léirthuiscint agus bheith eolach ar conas déileáil le daoine eile le dínit is le meas • iompar bulaíochta, cé a bhíonn páirteach ann agus cén tionchar a bhíonn aige ar dhaoine éagsúla a aithint agus a iniúchadh • a thuiscint go mbíonn bulaíocht i gcónaí olc agus a bheith feasach ar cad ba chóir a dhéanamh má bhíonn sé/sí á b(h)ulaíocht nó má fheiceann sé/sí á himirt ar dhuine eile í. 	<p><i>Cairdeas agus Bulaíocht lch 31-44</i></p>			
<ul style="list-style-type: none"> • a c(h)airde féin a aithint, a phlé agus a mhórluacháil • na gnéithe difriúla den chairdeas a phlé agus a scrúdú • cairde scoile a aithint agus a mhórluacháil agus mar is féidir leo cabhrú lena chéile agus aire a thabhairt dá chéile • na daoine uile a cheaptar a bheith speisialta, laistigh agus lasmuigh de mhuintir an teaghlaigh, a phlé agus a mhórluacháil 		<p><i>Cé hiad? lch 27</i> <i>Tá do chairde speisialta chomh maith lch 29</i> <i>Mise agus Tusa, Tusa agus Mise lch 29</i> <i>Cad is cara ann? lch 111</i> <i>Meas ar Chairdeas lch 112</i></p>		

Ag Cruthú na Naisc - Eagrán Athbhreithnithe

Snáithe- Mise agus Daoine Eile Snáithaonad- <u>Caidreamh le Daoine eile</u>	Bí Sábháilte	OCG	Misneach	Acmhainní Breise
<ul style="list-style-type: none"> éisteacht le tuairimí daoine eile agus iad a fhreagairt 			<i>Scéal Jeaic (Comhoibriú) Ich 82 (NShóis)</i>	
<ul style="list-style-type: none"> iompraíocht bhriathartha agus neamhbhriathartha a úsáid chun feidhmeanna sóisialta a chomhlíonadh 	<i>Cairdeas agus Bulaíocht Ich 31-44</i>		<i>Bheith cineálta agus rudaí a roinnt Ich 136 (NShóis) Nach Deas an Dornán Iad! Ich 21 (NShóis)</i>	
<ul style="list-style-type: none"> cúram agus aird, cúirtéis agus dea-bhéasa a chleachtadh le linn idirghníomhaíochta le daoine eile 			<i>Mise! Ich 23 (N.Sh) Mise, Is Féidir Liom, Is Maith Liom Ich 42 (N.Sin)</i>	
Snáithe- Mise agus an Domhan Mór Snáithaonad- <u>Ag Forbairt Saoránachta</u>	Bí Sábháilte	OCG	Misneach	Acmhainní Breise
<p>Pobal mo scoile</p> <ul style="list-style-type: none"> ainm a scoile féin a aithint mar aon leis na daoine a chuidíonn le gnáthshaol na scoile 	<i>Cairdeas agus Bulaíocht Ich 31-44</i>		<i>An Traein Ainmneach Ich 32 (NShóis)</i>	
<ul style="list-style-type: none"> a thuiscint go bhfuil gach duine tábhachtach agus go bhfuil a c(h)ion tairbhe uathúil luachmhar le déanamh aige/aici sa rang 			<i>Cad atá sa bhosca? Ich 60 (NShin)</i>	<i>Ombudsman for Children www.oco.ie/educationand-humanrights/education</i>

Ag Cruthú na Naisc - Eagrán Athbhreithnithe

Snáithe- Mise agus an Domhan Mór <u>Snáithaonad- Ag Forbairt Saoránachta</u>	Bí Sábháilte	OCG	Misneach	Acmhainní Breise
<ul style="list-style-type: none"> a aithint go bhfuil comhoibriú agus roinnt tábhachtach maille le bheith cóir i ngach gníomhaíocht sa rang agus sa scoil 			<i>Barróga Móra lch 46 (NShóis)</i>	
<ul style="list-style-type: none"> an gá le rialacha an ranga agus na scoile a choinneáil a aithint agus a thuiscint 			<i>Meas ar dhifríochtaí lch 114 (NShin)</i>	<i>Intercultural Education in Primary Schools www.ncca.ie</i>
<ul style="list-style-type: none"> Ighnéitheacht na bpáistí sa rang agus sa scoil a iniúchadh agus ómós a thabhairt di 			<i>An bhfuil Gá againn le Rialacha? lch 118 (NShin)</i>	
<p>Ag maireachtáil sa phobal áitiúil</p> <ul style="list-style-type: none"> na daoine a chomhdhéanann teaghlach a aithint agus a ainmniú agus a thuiscint nach mar a chéile gach aonad teaghlaigh a thuiscint gur ball de theaghlach é/í agus go bhfuil ionad agus ról ag gach duine laistigh de theaghlach na rudaí a dhéanann teaghlaigh in éineacht a iniúchadh 			<i>An Áit ina bhfuil Cónaí Orm lch 120 (NShin)</i>	

Ag Cruthú na Naisc - Eagrán Athbhreithnithe

Snáithe- Mise agus an Domhan Mór Snáithaonad- <u>Ag Forbairt Saoránachta</u>	Bí Sábháilte	OCG	Misneach	Acmhainní Breise
<ul style="list-style-type: none"> a thuiscint conas a thugann teaghlaigh aire, tacaíocht agus grá dá chéile 			<i>An bhfuil Gá Againn le Rialacha? lch 118 (NShin)</i>	
<p>Cúram imshaoil</p> <ul style="list-style-type: none"> an t-imshaoil a léirthuisicint agus a aithint go bhfuil freagracht ar bhonn pobail agus aonair ar gach duine as cosaint agus cúram an imshaoil 			<i>Aire do mo Dhomhan lch 122 (NShin)</i>	https://greenschoolsireland.org/resources/School Garden and the Living Classroom
Snáithe- Mise agus an Domhan Mór Snáithaonad- <u>Oideachas na meán cumarsáide</u>	Bí Sábháilte	OCG	Misneach	Acmhainní Breise
<ul style="list-style-type: none"> a aithint go bhfaigheann sé/sí eolas ó anchuid foinsí difriúla 			<i>Turas sa Dufair lch 68 (NShin)</i>	
<ul style="list-style-type: none"> scéalta, leabhair agus rímeanna coitianta a iniúchadh agus roinnt de na pearsana agus a dtréithe tarraingteacha a phlé 			<i>Ag Cur Aithne Orm lch 34 (NShin)</i>	


Ag Cruthú na Naisc - Eagrán Athbhreithnithe

Snáithe- Mise agus an Domhan Mór Snáithaonad- <u>Oideachas na meán cumarsáide</u>	Bí Sábháilte	OCG	Misneach	Acmhainní Breise
<ul style="list-style-type: none"> na cláir theilifíse, na físeáin agus na físchluichí is ansa leis/léi a aithint agus cúiseanna leis na roghanna a chur in iúl tosú ar na saghsanna difriúla teicneolaíochta eolais atá ar fáil a úsáid agus a iniúchadh tosú ar iniúchadh agus díospóireacht a dhéanamh faoin difríocht idir fógraí agus cláir 			<i>Na Cláir is Fearr Linn Ich 125 (NShin)</i>	

Múintear an clár Bí Sábháilte mar chuid den snáithaonad Sábháilteacht agus Cosaint (léirithe thuas i ndath dearg). Cludaíonn an clár Bí Sábháilte cuspóirí ó shnáithaonaid eile freisin (léirithe thuas i bhfianaise dearg).

Meabhraítear do mhúinteoirí gur chóir an clár Bí Sábháilte a mhúineadh ina iomláine in aon bhloc amháin.

Ranganna 1 agus 2



Ag Cruthú na Naisc - Eagrán Athbhreithnithe

Snáithe- Mise Snáithaonad- Féinaithne	Bí Sábháilte	OCG	Misneach	Acmhainní Breise
<p>Féinfheasacht</p> <ul style="list-style-type: none"> léirthuisctint ar bhuanna, ar chumas agus ar thréithe pearsanta a fhorbairt agus labhairt mar gheall orthu 	<p><i>Ag Mothú Sábháilte agus Neamh shábháilte lch 17-30</i></p>	<p><i>Rudaí a dhéanaim! Rudaí a thaithíonn liom! Lch 17</i></p>	<p><i>Tá me go maith ag go Leor Rudaí lch 21 (R1) Tá a bhfuil Foghlamtha agam á Cheiliúradh agam lch 154 (R2)</i></p>	
<ul style="list-style-type: none"> na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir dhaoine a aithint agus a léirthuisctint éirí feasach ar an saol mórtimpeall air/uirthi trí na céadfaí 			<p><i>Cosúil lena Chéile agus Difríúil óna Chéile lch 27 (R1)</i></p>	
<ul style="list-style-type: none"> roghnachas pearsanta, aisingí don todhchaí agus mianaidhmeanna a aithint agus a phlé 			<p><i>Nuair a Bheidh Mé níos sine ba mhaith Liom Muintearas a bheith agam lch 128 (R1)</i></p>	
<p>Ag forbairt féinmhuiníne</p> <ul style="list-style-type: none"> éirí níos neamhspleáiche agus níos féinmhuiníní 			<p><i>Táim ag foghlaim conas m'Inchinn féin a Úsáid lch 114 (R2)</i></p>	
<ul style="list-style-type: none"> slite difriúla chun déileáil le hathrú a iniúchadh 			<p><i>Bím ag Athrú agus mé ag Fás lch 75 (R2)</i></p>	
<ul style="list-style-type: none"> tuairimí agus roghanna pearsanta a nochtadh agus cuid daoine eile a admháil agus labhairt fúthu 			<p><i>Clabhsúr lch 145 (R1)</i></p>	
<p>Ag déanamh cinntí</p> <ul style="list-style-type: none"> roghanna a dhéantar gach lá a aithint agus machnamh a dhéanamh orthu na tosca a mbeadh tionchar acu ar chinn-teoireacht nó roghanna pearsanta a phlé a thuiscint go n-éilíonn páirtíocht i gcinnteoireacht níos mó freagrachta pearsanta 	<p><i>Tadhail 49-62 Rúin agus Insint lch 63-70 Strainséirí lch 71 - 79</i></p>	<p><i>Cén chaoi a gcinnim ar an rud a rud a dhéanfaidh mé? lch 182 Faoi na cúiseanna a dhéanaim rudaí lch 185</i></p>	<p><i>Teachtaireachtaí iad Fógraí lch 133 (R1)</i></p>	

Ag Cruthú na Naisc - Eagrán Athbhreithnithe

Snáithe- Mise Snáithaonad- <u>Ag Tabhairt Aire de mo Chorp</u>	Bí Sábháilte	OCG	Misneach	Acmhainní Breise
<p><i>Bheith eolach ar mo chorp</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • an gá atá le haire a thabhairt dá c(h)orp féin a léirthuisctint agus conas aire a thabhairt dó a chiallú d'fhonn é a choimeád sláintiúil folláin 			<p><i>Cad a Chiallaíonn Folláin?</i> <i>lch 27 (R1)</i></p>	
<ul style="list-style-type: none"> • codanna den chorp fireann is den chorp baineann a ainmniú, ag úsáid téarmaí anatamaíocha oiriúnacha 		<p><i>An chaoi a bhfeidhmíonn ár gcorp lch 166</i></p>	<p><i>Ár gCorp Iontach lch 37 (R2)</i></p>	<p>www.getactiveireland.ie</p>
<ul style="list-style-type: none"> • a thábhachtaí atá sé caitheamh leis an gcorp le meas agus le dínit a aithint • na rudaí éagsúla is féidir leis an gcorp a dhéanamh a iniúchadh agus a phlé 		<p><i>An chaoi a bhfeidhmíonn mo chorp lch 67</i> <i>Ár gcéadfaí lch 71</i> <i>Siúlóid éisteachta lch 73</i> <i>Dán faoinár gcéadfaí lch 74</i> <i>I mo shamhlaíocht lch 75</i></p>	<p><i>Mo Chroí agus mo Scamhóga lch 41 (R2)</i> <i>M'Inchinn lch 45 (R2)</i></p>	
<ul style="list-style-type: none"> • cuid de na substaintí a thógtar isteach sa chorp a aithint agus a scrúdú mar aon le gnó agus feidhm gach ceann díobh 			<p><i>Is Drugaí Cumhachtacha iad Cóigis lch 62 (R2)</i> <i>Instealltaí lch 69 (R2)</i></p>	

Ag Cruthú na Naisc - Eagrán Athbhreithnithe

Snáithe- Mise Snáithaonad- <u>Ag Tabhairt Aire de mo Chorp</u>	Bí Sábháilte	OCG	Misneach	Acmhainní Breise
<ul style="list-style-type: none"> • scileanna bunúsacha sláinteachais a shaothrú agus a chleachtadh • a thuiscint go bhfuil roinnt freagrachta ar gach duine as aire a thabhairt dó/dí féin • éirí feasach ar chomh héasca agus a scaipeann galrú agus an tábhacht a bhaineann le cloí le cód sláinteachais 		<p><i>Nuair a theastaíonn aire speisialta ó m chorp</i> <i>lch 161</i></p> <p><i>Cuairt ar an Dochtúir</i> <i>lch 164</i></p>	<p><i>Cabhraíonn Bheith Glan Linn Bheith Folláin lch 43 (R1)</i></p> <p><i>Cad a Chiollaíonn Folláin?</i> <i>lch 37 (R1)</i></p>	
<p>Bia agus cothú</p> <ul style="list-style-type: none"> • a bheith feasach ar thábhacht bia le haghaidh fáis is i mbuanú sláinte agus i soláthar fuinnimh a iniúchadh • a thuiscint go bhfuil cothromaíocht, rialtacht agus measarthacht riachtanach sa réim bia 			<p><i>Na Cineálacha Bia a Theastaíonn Uainn le bheith Folláin lch 40 (R1)</i></p>	<p>http://www.fooddudes.ie/</p>
<ul style="list-style-type: none"> • roinnt de na bianna a fhaightear as foinsí plandúla is ainmhíocha a aithint • dea-shláinteachas a aithint agus a chleachtadh nuair a bhítear ag plé le bia 			<p><i>Tá Gá ag mo Chorp le Cineálacha Éagsúla Bia lch 52 (R2)</i></p>	

Ag Cruthú na Naisc - Eagrán Athbhreithnithe

